

❁ An Lúibín ❁

24 Nollaig 2024

Stair na Nollag

Christmas has its own history, with obscure origins.

Bhí breith Chríost á ceiliúradh cheana faoin dara haois AD, cé nach raibh dáta na hócáide socraithe fós. Deirtear gurbh é an Pápa Julius 1 (easpag na Róimhe idir 337 agus 352) a d'fhógair gurbh é an 25 Nollaig an dáta ceart. Cuimhnimis chomh maith gurbh é sin grianstad traidisiúnta an gheimhridh agus go gceiliúrtaí Dies Natalis Solis Invicti (Lá Breithe na Gréine Neamhchloíte), féile pháganach, ar an lá sin ó 274 AD amach. Tagann an 25 Nollaig naoi mí tar éis an 25 Márta, Lá Theachtaireacht an Aingil agus cónocht an earraigh san fhéilire Rómhánach.

Faoin 13ú haois b'fhéile mhór í an Nollaig agus í á cheiliúradh ag íseal agus ag uasal araon.



Adhradh na nAoirí, Gerrit van Honthorst (1592-1656)
Wikimedia Commons

San Oirthear bhí baint ag breith Íosagáin le Nollaig na mBan (Lá Nollag Beag) ar an 6 Eanáir, féile a bhain leis an Triúr Draoithe, le baisteadh Íosagáin agus le bainis Chána. Tháinig an Nollaig chun cinn arís san Oirthear faoi dheireadh an cheathrú haois. San Iodail ba thúsce a bhí radhairc ó scéal na Nollag le feiceáil agus baineann na samplaí is luaithe le deireadh an cheathrú haois.

Is beag tagairt don Nollaig atá le fáil in *Annála Ríochta Éireann*, saothar mór na gCeithre Máistrí, ach is fiú iontráil ó 1351 a lua agus í ag cur síos ar an bhfáilte a chuir taoiseach de mhuintir Cheallaigh roimh chách um Nollaig.

Gairm chomhchoiteann oinigh do thabhairt d'Uilliam mac Donnchadha Muimhnigh Uí Cheallaigh um Nollaig do dhámhscolaibh Éireann, dá lucht siúil, dá bochtaibh, agus dá haidhílgneachaibh,¹ agus fuaireadar uile a n-óghréir² idir mhaith agus shaith,³ íseal agus uasal gur rabhadar uile buíoch de féin agus dá mhac, .i. de Mhaoleachlainn.


Fáilte roimh chách: an rud ba dhual dó de réir nós na flaithiúlachta i measc na nGael:⁴

¹ Aidhílgneach = dealbhach.

² Óghréir = sásamh.

³ Idir mhaith agus saith = idir mhaith agus olc.

⁴ *Annála Ríochta Éireann*: M1351.7: <https://celt.ucc.ie/published/G100005C/index.html>.



Íosagán le damh agus le hasal ar sharcafagas Críostaí ón 4ú haois.

Wikimedia Commons



Amhráin na Nollag

The Gaelic world of Ireland and Scotland had no tradition of carols, and the Gaelic carols of the Isle of Man had little to do with the Nativity, emphasising (with a few exceptions) the need to do good and avoid the fires of Hell. The modern Irish 'tradition' consists of two carols, combining old verse with new music.

Tháinig traidisiún na n-amhrán Nollag chun cinn sa 13ú haois san Iodáil, sa Fhrainc agus sa Ghearmáin, amhráin a d'eascair ó iomainn Laidine i dtaobh theacht Chríost. Chantaí na chéad 'charúil' i rith féilte difriúla agus de réir a chéile nascadh leis an Nollaig iad.

Dá fhorleithne nós na gcarúl i dtíortha eile, níor fhréamhaigh sé i measc na nGael in Éirinn agus in Albain. Dá ainneoin sin, tá dhá charúl ar fáil anois i nGaeilge na hÉireann ('Don oíche úd i mBeithil' agus 'Rug Muire mac do Dhia'). Ar sheandánta cráifeacha atá siad bunaithe, agus níor cuireadh ceol leo go dtí i bhfad níos déanaí. Sampla na gcarúl Béarla, is dócha, a spreag lucht a gcumtha.

Don oíche úd i mBeithil

Ba é Aodh Mac Aingil Mac Cathmhaoil (1572-1626) a chum na véarsaí thíos. Rugadh é i gContae an Dúin agus fuair oideachas i ndámhscoil; chuaigh sé in ord na bProinsiasach in 1603 agus chaith tamall maith ar an Mór-Roinn. Chabhraigh sé le Coláiste San Antaine a bhunú i Lováin agus ba é an príomhshhéiplíneach é i reisimint coisithe Thír Eoghain in Ísiltír na Spáinne. In éineacht lena shaothar Laidine, scríobh sé filíocht i nGaeilge shimplí nádúrtha.

Ba é an scoláire ceoil agus amhránaí Seán Óg Ó Tuama ba thúisce a d'fhoilsigh na véarsaí seo le ceol, rud a rinne sé in 1952 in Imleabhar 2 de *An Chóisir Cheoil*. Rugadh Seán i gCorcaigh in 1912, agus le Gaeilge a tógadh an chlann go léir. Chuaigh sé le múinteoireacht i mBaile Átha Cliath, é ina Chonraitheoir, ina phoblachtach agus ina chumadóir ceoil. Cailleadh é in 1980. Is dócha gurb eisean a chum ceol an charúil seo.⁵

Don oíche úd i mBeithil

Danú: https://www.youtube.com/watch?v=KEX9EI7cl_E

Don oíche úd i mBeithil
beidh tagairt faoi ghrian go bráth,
don oíche úd i mBeithil
go dtáinig an Briathar slán.

Tá gríosghrua ar spéarthaibh
's an talamh 'na chlúdach bán,
féach Íosagán sa chliabhán
's an Mhaighdean in aoibhneas grá.

⁵ Féach, mar shampla, an t-eolas a bhailigh an ceoltóir traidisiúnta Máire Ní Chathasaigh ó dheirfiúr chéile Sheáin, Róisín Ní Shé (nóta ar an albam *Christmas Lights*: <http://www.oldbridgemuic.com/christmaslights.htm>).

Ar leaca loma sléibhe
'sé a ghlacann na haoirí scáth,
ar oscailt geal na spéire
tá teachtaire Dé ar fáil.

Céad glóir anois don Athair
i bhflaitheasaibh thuas go hard
is féasta fós ar thalamh,
d'fhéara dea-mhéin síocháin.

Rug Muire mac do Dhia

Eoghan Ó Dubhthaigh (d'éag 1590), Proinsiasach a raibh cáil air mar sheanmóirí, a chum na véarsaí thíos. Tógadh na ceathrúna thíos as dán leis dar teideal 'An Chliar Ghliogair' (c. 1578), dán a mholann Muire, a dhéanann scalladóireacht ar shagairt a d'iompaigh ina bProtastúnaigh agus a chuireann síos ar an mBreith Mhaighdeanúil. Ní fios cé a chum an ceol sa chás seo, cé gur dócha gur sa fichiú haois a rinneadh é. Tá sliocht fada as an dán le fáil in Angela Burke (eag.), *The Field Day Anthology of Irish Writing*, Volume 4, lgh 156-9, NYU Press 2002.

Rug Muire mac do Dhia

Teresa Doyle á chanadh (le Oliver Schroer agus Andrew St. George): <https://www.youtube.com/watch?v=b3Ppe1wivFw>

Rug Muire mac do Dhia,
Íosa Críost, triath na mban,
maireann dá éis 'na hóigh,
an bhean is dóigh do gach dall.

Buime is máthair mhic Dé bhí,⁶
bean mar í ní fhaca súil;
bean ler oscail flaitheas Dé,
a mholfas mé os gach dúil.⁷

Ní cosúil í le mnáibh,
Muire mhór, an bláth nach críon;
ní cosúil balsam le moirt,
le leann goirt ní cosúil fíon.

Bhí sé de nós ag muintir Mhanann carúil a chanadh Oíche Nollag. Deir an scoláire A.G. Gilchrist go gcuirfeadh fear éigin coinneal ar an mbord os a chomhair amach agus go leanfadh sé air ag canadh fad is a mhair an lasair.⁸ Uaireanta dhéanfadh beirt é. Is annamh a bhí baint ag na carúil le saolú Chríost. Iad fada go leor, lán de theagasc Críostaí nó de scéalaíocht Bhíoblach, pianta ifrinn iontu, comhairle morálta, cáineadh an drochdhuine. Ní gá a rá nach mór a thaitníonn a leithéid le meon agus le haigne an lae inniu, go háirithe i dtrátha na Nollag, agus fágann sin cúpla carúil traidisiúnta an bhfuil blas ceart an tséasúir orthu - 'Tra va ruggit Creest' ('Nuair a rugadh Críost'), mar shampla.

Mar is léir ón méid seo thíos, tá litriú ar leith ag Gaeilge Mhanann. I dtaca le foghraíocht agus gramadach de, is cosúla Gaeilge Mhanann ar shlíte éigin le Gaeilge na hAlban ná le Gaeilge na hÉireann, rud a cuireadh san áireamh agus litriú níos 'Gaelaí' á chur uirthi (thíos ar thaobh na láimhe deise).

⁶ Bhí: *bheo*

⁷ Dúil: *neach beo*

⁸ A.G. Gilchrist, 'Manx Carvals and an Old Christmas Custom,' *The Choir*, lgh 223/5, 1922: <http://www.isle-of-man.com/manxnotebook/music/carvals.htm>.

Tra va ruggit Chreest

Annie Kissack agus í ag canadh an amhráin seo léi féin mar ba ghnách fadó:
<https://culturevannin.bandcamp.com/track/tra-va-ruggit-creest-song>

Caarjyn Cooidjagh (cór): <https://www.youtube.com/watch?v=R-jOK9nPYcc>

Tra va ruggit Creest de Moirrey seyr
ayns Bethlehem ard-vllaey cair
bha ainleyn goaill arrane 'syn aer
In Excelsis Gloria
In Excelsis Gloria, In Excelsis Gloria
Bha ainleyn goaill arrane 'syn aer
In Excelsis Gloria

Trà bha rugait Crìost de Muire saor
ins Bethlehem ard-bhaile còir
bha ainlean 'gabhal oràn san aer

As honnick na bochillyn n'ainleyn shen
Ayns sollys mooar veih flaunys glen
Gra va ruggit Yeesey Creest 'n oie shen
In Excelsis Gloria
In Excelsis Gloria, In Excelsis Gloria
Gra va ruggit Yeesey Creest 'n oie shen
In Excelsis Gloria

Is chonaic na buachallan n'ainlean sin
ins solas mòr bho flaitheanas glan
'g rà: Bha rugait Ìosa Crìost 'n oich sin

Aistriúchán i nGaeilge na hÉireann:

*Nuair a rugadh Crìost de Mhuire shaor
i mBeithil, ardbhaile còir
bhí aingil ag gabháil amhráin san aer*

*Is chonaic na buachaillí na haingil sin
i solas mór ó na flaithis ghлана
ag rá: Rugadh Ìosa Crìost an oíche sin*



An triúr a tháinig chun Íosagáin

The Three Kings or Three Wise Men are now an integral part of the Christmas narrative, together with the redoubtable King Herod, all based on the account in the Gospel of Matthew. But this story has complicated mythical origins.

Ceann de scéalta is suntasaí a bhaineann leis an Nollaig is ea teacht na ndraoith (a dtugtar 'an Triúr Eagnaithe' nó 'na Trí Ríthe' orthu chomh maith) go Beithil. Níl siad le fáil ach i soiscéal Mhatha, agus ní luaitear a n-uimhir, a stádas ná a n-ainmneacha. Le himeacht aimsire thosaigh daoine ag tabhairt 'ríthe' orthu. San Iarthar luaitear triúr díobh, ach san Oirthear is minic a deirtear go raibh dháréag ann. Sa Vulgáid (an Bíobla Laidineach) tugtar 'magi' orthu – fir ghaoiseacha: *Cum ergo natus esset Iesus in Bethleem Iudaeae in diebus Herodis regis ecce magi ab oriente venerunt Hierosolymam*. Deirtear gur anoir a tháinig siad, ón áit a raibh an Impireacht Phairtiach agus an Sóróstarachas ann mar phríomhchreideamh, agus 'magi' ina sagairt ann. Tá soiscéal apacrafiúl, Soiscéal Siriach na Naíonachta, ann a deir go raibh na draoith seo ag leanúint fáistine a rinne a bhfáidh Sóróstar. Deir scoláirí áirithe gur Sóróstaraigh a tiontaíodh ina gCríostaithe a chum scéalta faoi na hEagnaithe, agus luann scoláirí eile scéalta Peirseacha faoi réalta a thuarfadh breith rialtóra agus faoi nochtadh neacha naofa le tine agus solas.

Luaitear Héaród (Iorua) Mór (c. 72 – c. 4 RCh) i scéal sin na ndraoith. Ba é Rí Iúdáia é agus é faoi choimirce na Rómhánach, agus tá clú air de bharr ar thóg sé d'fhoirgnimh ann. Eisean a d'atóg an Dara Teampall in Iarúsailéim, foirgneamh nach bhfuil fágtha de anois ach roinnt mórtha. Deir Matha gur ordaigh Héaród/Iorua go marófaí gach páiste fir faoi dhá bhliain d'aois i mBeithil agus é ag iarraidh Íosa féin a mharú, ach is iomaí scoláire a deir nach bhfuil sa scéal sin ach cleas liteartha. Ní luann foinsí comhaimseartha é agus ní sé le fáil i soiscéal Lúcais.



An Triúr Draoithe in *Hortus Deliciarum*, Herrad ó Landsberg, 12ú haois.
Wikimedia Commons

Seo thíos scéal na ndraoithe as *An Bíobla Naomhtha*, an leagan den Bhíobla is sine i nGaeilge. Foilsíodh an Tiomna Nua in 1602 agus an Sean-Tiomna in 1685, agus cuireadh iad i gcló le chéile in 1690. Cuireadh eagrán nua amach in 1817, agus is iomaí teaghlach Caitliceach a raibh sé curtha i dtaisce acu, cé go raibh amhras ag an Eaglais air mar fhoilseachán 'Protastúnach'.

Tá an litriú nuachóirithe anseo ach coinníodh na seanfhoirmeacha gramadaí.

An tan = nuair

Dochum = chun

D'ionsaí = go dtí

-ibh = an seantabharthach iolra ('i láibh Iorua' = i laethanta Iorua).

Matha, Caibidil 2, 1-16

1 Agus an tan do rugadh Íosa i mBétlehem thíre Iúdaí i láithibh Iorua an rí, féach, thángadar draoithe ón aird thoir go hIarúsailéim,

2 Ag rá, Cá háit ina bhfuil an Rí úd na nIúdaithe atá arna bhreith? óir do chonaiceamarna a réalt san aird thoir, agus thángamar dá onóru.

3 Ach an tráth do chuala an rí Iorua sin, do bhí sé arna bhuaireadh, agus Iarúsailéim uile maille leis.

4 Agus ar gcruinniú uachtarán na sagart uile dhó agus sgríobhaithe an phobail, do fhiafraigh sé dhíobh, Cén áit ina mbéarfaí Chríost.

5 Agus dúradarsan leis, I mBétlehem thíre Iúdaí: óir is mar so atá sé scríofa ag an bhfáidh,

6 Agus tusa a Bhétlehem, talamh Iúda, ní tú is lú idir dhiúicibh Iúdah: óir is asat a thioctas an Diúic a stúireos mo phobal Iosrael.

7 Agus ansin do ghair Iorua na draoithe os íseal chuige, agus do fhiafraigh sé dhíobh go ró-ghéar cén aimsir inar foilsíodh an réalt.

8 Agus á gcur go Bétlehem dhó, dúirt sé, Imígí agus iarraigí an naí go dícheallach; agus tar éis a fhála dhaoibh, insígí dhomsa é, dochum go rachainnse féin agus go dtabharfainn onóir dhó.

9 Agus ar gcluinsin an rí dhóibh do imíodar; agus, féach, an réalt do chonaiceadar san aird thoir, do chuaigh sé rompu, nó go dtáinig sé agus gur chónaigh sé os cionn an ionaid ina raibh an naíonán.

10 Agus ar bhfeiscint na réilte dhóibh, do ghabh gairdeachas ró-mhór iad.

11 Agus ar ndul isteach don tigh, fuaradar an naí i bhfochair a mháthar Muire, agus ag titim síos, do onóraíodar é: agus ar n-oscailt a gciste, thugadar tíolaicthaí dhó: ór, agus túis, agus miorr.

12 Agus ar bhfáil teagaisc ó Dhía in aisling gan casadh d'ionsaí Iorua, do fhilleadar i slí eile dá dtír féin.

13 Agus ar n-imeacht ar a n-ais dóibh, féach, do taibhríodh aingeal an Tiarna i mbrionglóid do Ióseph, ag rá, Éirigh agus gabh an naíonán agus a mháthair chugat, agus teith don Éigipt, agus bí ansin nó go labhróidh mise leat: óir iarrfaidh Iorua an naí dochum a mhille.

14 Agus ar n-éirí dhósan, do ghabh sé an naí chuige agus a mháthair insan oíche, agus do imigh sé don Éigipt:

15 Agus do bhí se ansin go bás Iorua: dochum go gcomhlíonfaí an ní a dúirt an Tiarna leis an bhfáidh, a deir, Do ghair mé mo mhac as an Éigipt.

16 Ansin an tan do chonaic Iorua, go ndearnadar na draoithe fonóid faoi, do las sé le feirg, agus ar gcur uaidh, do mharbh sé a raibh de leanaibh fear i mBétlehem, agus insna teorannaibh uile, ó aois dhá mbliain nó faoi, do réir na haimsire d'fhoghlaim sé go dícheallach ó na draoitibh.



Eolaíocht

An intleacht shaorga agus í craosach

AI has a voracious appetite for material on which it can be trained. But this material is declining in availability, partly because of a deliberate concealment of data and partly because an enormous amount of data has never been available on the web. This means that AI might need to generate its own training material, with a likely accumulation of errors.

Tá feabhas iontach ag teacht ar an intleacht shaorga (IS) le deich mbliana anuas agus é sin ag brath, mórán, ar líonraí néaracha a mhéadú agus iad á n-oiliúint le sonraí a bhfuil a méid ag borradh i gcónaí. Mar a deir Nicola Jones in alt ar *Nature*, tá an-éifeacht leis an 'inscálaitheacht' seo agus samhlacha móra teanga á ndéanamh a d'fhéadfadh aithris a dhéanamh ar ghnáthchaint agus dul i gceann réasúnaíochta. Ach deir speisialtóirí éigin gur gearr go mbeidh teorainn leis an dul chun cinn seo. Tá baint aige sin leis an méid mór fuinnimh atá ag teastáil chun an gnó a dhéanamh, ach chomh leis sin ní bheidh teacht feasta ar na gnáth-thacair shonraí.

Úsáidtear ransaitheoirí gréasáin chun sonraí a chuardach, fáil réidh le cóipeanna, agus an t-ábhar a scagadh agus a ghlanadh. Ach tá mórán tráchtairí á rá anois go bhfuil an méid sonraí chóir a bheith caite. San am céanna, tá úinéirí na sonraí sin ag baint feidhm as cód bogearraí nó as téarmaí seirbhíse chun bacadh ar chomhlachtaí IS feidhm a bhaint as an ábhar.

Is mall an fás atá ag teacht ar ábhar idirlín is féidir a usáid – níos lú ná 10% in aghaidh na bliana, b'fhéidir, agus méid na dtacar IS ag méadú faoi dhó ar a laghad gach bliain.

Mar a deir na taighdeoirí Niall Ferguson agus John-Clark Levin, níl fáil ag innill chuardaigh ar bhreis is 90% de shonraí ar líne – cáipéisí dlí, meáin íocaíochta, néalstóras príobháideach agus eile.⁹ Ní dhéarnadh digitiú ach oiread ar an gcuid is mó d'ábhar clóite. Agus tá méid mór eolais ann nár taifeadadh riamh.

Tá na milliún duine sásta íoc as na samhlacha IS is cumhachtaí, ach is beag an brabús é sin le hais a mbeidh le tuilleamh as na samhlacha atá le teacht, maidir le dréachtú dlí, ríomhchlárú, leigheas, anailís airgeadais agus taighde eolaíochta. Tá neart sonraí dílsithe ag comhlachtaí agus ag eagraíochtaí neamhbhrabúis a bhféadfai feidhm a bhaint astu chun IS a chur chun cinn.

San Aontas Eorpach tá rialacha diana á gcur i bhfeidhm ar IS, ach sa tSín tá tacair mhóra sonraí ann, a bhuíochas sin ar an bhfaireachas forleathan atá ar siúl ann. B'fhéidir go mbeadh ar chomhlachtaí Meiriceánacha sonraí a lorg in áiteanna eile de cheal ábhar oiriúnach sa bhaile. Tá comhlachtaí ag iarraidh cur ar chumas IS a cuid sonraí féin a chruthú; de réir mar a chuireann na samhlacha feabhas ar a gcuid réasúnaíochta, is dócha go mbeidh siad in ann rudaí a dhéanamh le beagán sonraí.

Tá comhlachtaí IS ag tástáil sonraí 'sintéiseacha' – eolas a chruthaíonn córais IS chun mórshamhlacha IS a thraenáil. Ach deir an taighde atá déanta go bhfuil claonadh ag samhlacha IS chun dul i ndonas le imeacht aimsire toisc go

⁹ Niall Ferguson and John-Clark Levin, 'Is AI About to Run Out of Data? The History of Oil Says No,' *Time*, 2 Lúnasa 2024: <https://time.com/7006382/ai-training-data-oil/>.

gcnuaíonn dearmaid ó ghlúin go glúin, rud nach féidir a sheachaint.¹⁰ Deirtear gurb iad na botaí móra comhrá an chéad chéim eile, gníomhairí tráchtála a fhéadfaidh cinntí casta a dhéanamh. Beidh ceisteanna morálta agus dlí le réiteach dá bharr, agus nílimid ullamh fós chun é sin a dhéanamh.

Agus ar eagla go sílfeá gur fágadh an Ghaeilge in áit na leathphingine sna cúrsaí seo, bhaineamar triail as CoPilot, cúntóir de chuid Microsoft. Cuireadh an cheist i nGaeilge: ‘Cén fheidhm is féidir a bhaint as CoPilot?’. Agus i nGaeilge a tugadh an freagra:

Is féidir le CoPilot cabhrú leat ar bhealaí éagsúla. Seo roinnt samplaí:

Ceisteanna a fhreagairt: Má tá fiosracht ort faoi ábhar ar bith, is féidir liom freagraí a thabhairt duit.

Smaointeoireacht chruthaitheach: Más gá duit smaointe nua nó inspioráid, is féidir liom cabhrú le do smaointe a fhorbairt.

Tacaíocht agus comhairle: Ó leideanna beatha go dtí tacaíocht teicniúil, tá mé anseo chun éisteacht agus cabhrú.

Tionscadail chruthaitheacha: Mura bhfuil tú cinnte conas dul ar aghaidh le tionscadal, is féidir liom cabhrú leat plean a chur le chéile.

Comhrá agus siamsaíocht: Más mian leat sos a ghlacadh, is féidir linn comhrá a dhéanamh faoi fhíríci suimiúla, spraoi, nó trácht a dhéanamh ar ábhar an lae.

Cén cineál cabhrach atá uait inniu? 😊

Níl Gaeilge CoPilot gan locht, ach níl sí go han-dona ach oiread. Saol nua, a chairde.



Guímid beannachtaí na Nollag ar ár léitheoirí.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó rianach965@gmail.com.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or rianach965@gmail.com.

Trí dhán le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

Do rogha

Dúirt tú leat féin
smalóg a thabhairt don bhonn
is ligean don cheann is don chruit
a rogha a dhéanamh
is ghabh tú an bóthar úd
seachas bóithre eile

¹⁰ Jennifer L. Schenker, *The Innovator*: <https://theinnovator.news/data-limitations-are-constraining-ai-development/>.

is fuair amach nach bhfuil rogha ann
atá gan aiféala
is d'ól tú sláinte an té
a chaith bonn eile ar a sheans
is a fuair a chinniúint i gcríoch
nach rachaidh do chos choíche ann

Na heachtráin

Tar éis do na heachtráin
fothraigh a dhéanamh den domhan
ghlac siad chucu ar fágadh
de nósanna na háite
an éide na béilí na béasa
ailtireacht chasta na hintinne
is d'fhág na fothraigh mar a bhí
i gcuimhne ar an neamhsheasmhacht
ag súil nach dtiocfadh
eachtráin eile

An draoi (dán Nollag)

Draoi amháin a tháinig anoir
tar éis an tsaoil
boladh an óil is an allais air
féiríní leis i mála
is a chompánaigh fágtha
thall i mbun an fhásaigh
(níor chuimhin leis céard a tharla)
ach an réalta aige i gcónaí
mar threoir allúrach anonn
go dtí seo: an seomra lom
leanbh ag scréachach is bean
ag cuimhneamh ar an bhfáistine
ar chrá is ar chéasadh